AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

Strasbourg, 29 Aibreán 2026
(OR. en)

2023/0435(COD)
LEX 2511

PE-CONS 4/1/26
REV 1

CONSOM 8
MI 33
COMPET 42
TOUR 2
TRANS 12
IA 9
CODEC 55

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE LENA LEASAÍTEAR TREOIR (AE) 2015/2302 CHUN COSAINT TAISTEALAITHE A DHÉANAMH NÍOS ÉIFEACHTAÍ AGUS CHUN GNÉITHE ÁIRITHE DEN TREOIR SIN A SHIMPLIÚ AGUS A SHOILÉIRIÚ

**TREOIR (AE) 2026/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 29 Aibreán 2026**

**lena leasaítear Treoir (AE) 2015/2302**
**chun cosaint taistealaithe a dhéanamh níos éifeachtaí**
**agus chun gnéithe áirithe den Treoir sin a shimpliú agus a shoiléiriú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C, C/2024/4058, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4058/oj.

2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 30 Márta 2026.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] rinneadh nuachóiriú ar an gcreat dlíthiúil don taisteal láneagraithe i bhfianaise forbairtí margaidh agus dul chun cinn sa teicneolaíocht. Leis an Treoir sin, rinneadh iarracht aghaidh a thabhairt ar bhealaí nua chun seirbhísí taistil a chur in áirithe, lena n-áirítear comhcheangail shaincheaptha de sheirbhísí taistil, nár cumhdaíodh le Treoir 90/314/CEE ón gComhairle[4] nó a bhí laistigh de réimse éiginnte ó thaobh an dlí de, agus gnéithe éagsúla de chearta taistealaithe á neartú ag an am céanna. Is é ab aidhm do Threoir (AE) 2015/2302 freisin iomaíocht níos cothroime a áirithiú idir na cineálacha éagsúla gnólachtaí taistil atá ag feidhmiú i margadh an taistil láneagraithe.

(2) Chun na cuspóirí sin a shaothrú, leathnaíodh le Treoir (AE) 2015/2302 an sainmhíniú ar an téarma ‘taisteal láneagraithe’ i gcomparáid le Treoir 90/314/CEE. Rinneadh soiléiriú breise i dTreoir (AE) 2015/2302 ar chearta taistealaithe atá ann cheana agus tugadh cearta nua isteach léi, lena n-áirítear an ceart do thaistealaithe conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh, de réir coinníollacha áirithe, i gcás imthosca dosheachanta agus urghnácha agus gan táille foirceanta a íoc. Ina theannta sin, le Treoir (AE) 2015/2302, tugadh isteach an coincheap ‘socrú taistil gaolmhar’.

---

3 Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO L 326, 11.12.2015, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2302/oj).

4 Treoir 90/314/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 1990 maidir le taisteal láneagraithe, saoire láneagraithe agus turais láneagraithe (IO L 158, 23.6.1990, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1990/314/oj).

(3) Cé go bhfuil Treoir (AE) 2015/2302 tar éis oibriú go maith ar an bhforiomlán, tháinig roinnt dúshlán anuas ó thús a cur i bhfeidhm an 1 Iúil 2018. Go háirithe, bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 agus ag bearta gaolmhara rialtais ar an tionscal taistil agus ar thaistealaithe araon agus léiríodh gur cheart forálacha áirithe den Treoir sin, lena n-áirítear na forálacha sin maidir leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil do thaistealaithe, a shoiléiriú.

(4) Dá bhrí sin, is gá na bearnaí a sainaithníodh sna rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a dhruidim, agus coincheapa agus forálacha áirithe a shoiléiriú agus a shimpliú, agus feabhas a chur dá réir sin ar éifeachtacht Threoir (AE) 2015/2302 chun tairbhe taistealaithe agus gnólachtaí taistil, a bhfuil líon mór micrifhiontar agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ina measc.

(5) Ar an iomlán, meastar go raibh an sainmhíniú nuashonraithe ar 'taisteal láneagraithe' i dTreoir (AE) 2015/2302 éifeachtach. Os a choinne sin, de bharr na rialacha maidir le 'socruithe taistil gaolmhara', a tugadh isteach leis an Treoir sin freisin, tá an creat reachtach i bhfad níos casta, lena n-áirítear maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar do thaistealaithe. Mar thoradh ar an gcastacht bhreise sin, tá éiginnteacht dhlíthiúil ann maidir leis an teorannú idir pacáistí taistil láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, agus idir socruithe taistil gaolmhara agus seirbhísí taistil neamhspleácha. Níl aon fhianaise ann go bhfuil tairbhí nithiúla ann do thaistealaithe mar thoradh ar na rialacha sin maidir le socruithe taistil gaolmhara. Dá bhrí sin, is iomchuí Treoir (AE) 2015/2302 a shimpliú trí na forálacha maidir le socruithe taistil gaolmhara a scriosadh, trí Iarscríbhinn II a ghabhann léi a scriosadh, ina bhfuil cúig fhoirm faisnéise le haghaidh socruithe taistil gaolmhara, agus trí choigeartuithe áirithe a dhéanamh ar an sainmhíniú ar 'taisteal láneagraithe'.

(6) Ba cheart don phrionsabal faoi bhun an tsainmhínithe ar 'taisteal láneagraithe' a bheith mar an gcéanna, go bhfuil dlúthnasc ann idir seirbhísí éagsúla taistil a chuirtear in áirithe chun críocha an turais chéanna nó na saoire céanna.

(7) Ba cheart do thaistealaithe faisnéis shoiléir a fháil maidir le cé acu is taisteal láneagraithe nó nach taisteal láneagraithe é teaglaim de sheirbhísí taistil, ós rud é, i gcásanna áirithe áirithinte, go bhféadfadh sé nach mbeadh an méid sin soiléir dóibh. Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, is gá, dá bhrí sin, i gcásanna áirithinte nach gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh taisteal láneagraithe ach ina n-iarrann trádálaithe ar thaistealaithe cineálacha breise seirbhíse taistil a cheannach don turas céanna nó don tsaoire chéanna, a chur de cheangal ar thrádálaithe a chur in iúl do thaistealaithe nach taisteal láneagraithe a bheidh sna seirbhísí taistil ábhartha agus nach gcosnófar taistealaithe faoi Threoir (AE) 2015/2302. Ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin i gcás ina dtugtar an cuireadh chun cineálacha breise seirbhíse taistil a cheannach sula gceannaíonn taistealaí an chéad chineál seirbhíse taistil ach freisin i gcás ina dtugtar an cuireadh tar éis do thaistealaí an chéad chineál seirbhíse taistil a chur in áirithe. I gcásanna ina dtugtar an cuireadh chun cineálacha breise seirbhíse taistil a cheannach sula dtugann an taistealaí an chéad áirithint i gcrích agus ina gcuireann an taistealaí na seirbhísí taistil ábhartha in áirithe ina dhiaidh sin laistigh de thréimhse 24 uair an chloig, ag an díolphointe céanna, tá dlúthnasc idir na háirithintí sin fiú mura gcomhlíontar na coinníollacha uile le haghaidh taisteal láneagraithe, ar nós praghas cuimsitheach nó iomlán a chur i láthair nó na seirbhísí taistil a roghnú sula n-aontaíonn an taistealaí íoc. Dá bhrí sin, más rud é, sna cásanna sin, nach gcuireann trádálaí an taistealaí ar an eolas ar bhealach soiléir, tráth a dhéantar an cuireadh, nach taisteal láneagraithe a bheidh sa teaglaim de sheirbhísí taistil, ba cheart a mheas gur taisteal láneagraithe atá faoi chosaint faoi Threoir (AE) 2015/2302 í an teaglaim sin, agus ba cheart a mheas gurb é an trádálaí eagraí an taistil láneagraithe sin.

(8) I gcásanna áirithinte ina n-iarrann an trádálaí ar an taistealaí seirbhísí taistil breise a cheannach, ba cheart a thuiscint gur ‘cuireadh’ é aon chás ina molann nó ina spreagann an trádálaí an taistealaí cineál breise seirbhíse taistil a chur in áirithe don turas nó don tsaoire atá beartaithe. D’fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, ríomhphost ina bhfuil nasc chuig saoráid áirithinte, leid a chomhtháthaítear i bpróiseas na háirithinte nó glao gutháin. Sna cásanna sin, is iondúil go soláthraíonn an trádálaí rogha tairiscintí don taistealaí bunaithe ar spéis an taistealaí i gceann scríbe agus tréimhse taistil ar leith. I gcás ina ndéantar na tairiscintí sin i bhfoirm cuireadh chun ceannach, mar a shainmhínítear i dTreoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], eadhon i bhfoirm teachtaireacht tráchtála lena léirítear saintréithe an táirge nó na seirbhíse agus a phraghas nó a praghas, ba cheart a mheas gur comhartha láidir é sin gur cuireadh atá ann. Áirítear ar na cuirí sin chun ceannach cásanna ina n-iarrann trádálaí ar an taistealaí spéis a aithint i gcineálacha breise seirbhíse taistil don turas céanna nó don tsaoire chéanna, chun tairiscintí a sholáthar do na seirbhísí taistil sin i bhfoirm cuireadh chun ceannach, mar a shainmhínítear i dTreoir 2005/29/CE, go díreach i dteannta na chéad áirithinte nó díreach i ndiaidh dheimhniú na chéad áirithinte. Ar an taobh eile, níor cheart a mheas gur leor saoráidí áirithinte le haghaidh seirbhísí taistil eile a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin nó ar fheidhmchlár an trádálaí nó ar a áitreabh gnó, tagairt ghinearálta do na saoráidí áirithinte sin, nó fógraíocht ar sheirbhísí taistil arna spreagadh ag meiteashonraí ó chuardaigh a rinneadh níos luaithe ar sheirbhísí taistil, chun a mheas gur ann do chuireadh le haghaidh seirbhísí taistil breise a cheannach.

---

5 Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha’) (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/29/oj).

(9) Is léir gur róchúng é ceann de na sainmhínithe ar thaisteal láneagraithe, eadhon an ceann dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (2)(b)(v), de Threoir (AE) 2015/2302, lena gceanglaítear ainm, sonraí íocaíochta agus seoladh ríomhphoist an taistealaí a tharchur ó thrádálaí amháin go trádálaí eile. Is iomchuí, dá bhrí sin, áirithintí de chineálacha éagsúla seirbhíse taistil don turas céanna nó don tsaoire chéanna a mheas mar thaisteal láneagraithe i gcás ina n-aistríonn an trádálaí is páirtí sa chéad chonradh sonraí pearsanta an taistealaí lena gcumasaítear an taistealaí a shainaithint mar pháirtí conarthach chuig trádálaí eile nó chuig trádálaithe eile is páirtí sa dara conradh nó i gconradh breise, agus i gcás ina dtugtar an conradh nó na conarthaí leis an trádálaí nó leis na trádálaithe eile i gcrích 24 uair an chloig ar a dhéanaí tar éis áirithint na chéad seirbhíse taistil a dheimhniú. Leis na sonraí sin, ba cheart a chur ar chumas na dtrádálaithe lena mbaineann a shuíomh gur páirtí sna conarthaí ábhartha é an taistealaí céanna agus d’fhéadfaí a áireamh leis, mar shampla, ainm, sonraí íocaíochta, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin nó cuntas meáin shóisialta an taistealaí. Níor cheart a mheas gur leor sonraí, ar nós seoladh IP lena sainaithnítear feiste, nach gcuireann ar chumas na dtrádálaithe lena mbaineann a shuíomh gur páirtí é an taistealaí céanna sna conarthaí ábhartha. Leis an tagairt d’aistriú shonraí pearsanta an taistealaí, tá sé i gceist gur fearr a sheasfaidh an sainmhíniú an aimsir. Léirítear leis an aistriú sin dlúthnasc idir na conarthaí ábhartha agus, dá bhrí sin, cruthú taisteal láneagraithe.

(10) A mhéid a bhaineann le pacáistí taistil láneagraithe, ina gcuirtear an chóiríocht mar shampla i gceangal le 'seirbhísí turasóireachta eile', ach nach bhfuil aon iompar paisinéirí i gceist leo, ba cheart an critéar ginearálta de 'cion suntasach' de luach an chomhcheangail, ag a bhfuil feidhm maidir le seirbhísí turasóireachta, a ionadú leis an gcritéar níos sonraí 'ar a laghad 25 %' de luach an chomhcheangail, chun an deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú. Ba cheart a mheabhrú freisin nach meastar gur seirbhísí taistil iontu féin iad seirbhísí turasóireachta eile atá mar chuid bhunúsach de sheirbhísí taistil, ar nós seirbhísí turasóireachta eile a bhaineann le cóiríocht. Dá bhrí sin, ní féidir taisteal láneagraithe a chruthú mar thoradh ar na seirbhísí turasóireachta eile sin a áireamh, fiú más ionann a luach agus 25 % ar a laghad den phraghas iomlán. Tá samplaí in aithrisí Threoir (AE) 2015/2302 de sheirbhísí ar féidir a mheas gur cuid dhílis de sheirbhísí taistil iad, ar nós rochtain ar shaoráidí áirithe ar an láthair ag óstáin nó ag cineálacha eile cóiríochta. Ina theannta sin, ba cheart a mheabhrú nach gcruthófar taisteal láneagraithe mar thoradh ar sheirbhísí turasóireachta eile nach roghnaítear agus nach gceannaítear ach amháin tar éis tús a bheith curtha le comhlíonadh seirbhíse taistil, mar shampla cóiríocht, fiú más ionann a luach agus 25 % ar a laghad den phraghas iomlán.

(11) Mar a léiríodh go háirithe le linn phaindéim COVID-19, an easpa rialacha gnólacht le gnólacht maidir le haisíocaíochtaí le heagraithe pacáistí taistil láneagraithe le haghaidh seirbhísí taistil arna gcur ar ceal nó gan chomhlíonadh ag soláthraithe seirbhíse, an easpa rialacha maidir le dearbháin, agus éiginnteacht maidir le cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear le cosaint ar dhócmhainneacht éilimh ar aisíocaíocht agus dearbháin; féadfaidh siad a bheith ina gcúis le deacrachtaí i ndáil le haisíocaíochtaí le taistealaithe, go háirithe, i gcás ina dtagann cealúcháin iomadúla de thoradh imthosca dosheachanta agus urghnácha agus ina ndéanann siad difear do roinnt mhaith cinn scríbe taistil. Dá bhrí sin, is tábhachtach a áirithiú go dtugtar cosaint éifeachtach d’íocaíochtaí taistealaithe i gcónaí, lena n-áirítear le linn tráthanna géarchéime. Thairis sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh córais náisiúnta cosanta ar dhócmhainneacht athléimneach agus go dtugtar cosaint níos aonfhoirmí leo.

(12) Cé go gceanglaítear, le Treoir (AE) 2015/2302, ar eagraithe taistealaithe a chur ar an eolas faoi shocruithe íocaíochta, lena n-áirítear aon éarlais atá le déanamh, ní leagtar síos léi aon rialacha lena gcuirtear teorainn le méid na n-éarlaisí sin ná lena rialaítear an tráthchlár chun an t-iarmhéid a íoc. Is féidir leis na Ballstáit na gnéithe sin a rialáil, ar choinníoll go bhfuil na rialacha sin i gcomhréir le dlí an Aontais.

(13) I gcás ina gcuirtear seirbhís taistil, a áirítear i dtaisteal láneagraithe, ar ceal nó nach gcomhlíontar í, agus ina ndearnadh réamhíocaíochtaí leis an soláthraí seirbhíse faoi seach, ba cheart d'eagraithe a bheith i dteideal na híocaíochtaí a dhéantar a fháil ar ais ón soláthraí seirbhíse taistil laistigh de 7 lá. Is é cuspóir an chirt aisíocaíochta sin go gcuirfí ar chumas eagraithe leis an gceart aisíocaíochta a n-oibleagáid a chomhlíonadh chun taistealaithe a aisíoc laistigh de 14 lá i gcásanna ina bhfoirceanntar an conradh taistil láneagraithe ina iomláine freisin. I gcás ina gcuirfidh soláthraí seirbhíse taistil seirbhís a áirítear i bpacáiste ar ceal nó ina mainneoidh sé seirbhís a áirítear i dtaisteal láneagraithe a chur ar fáil, ach inarb ann go fóill don chonradh taistil láneagraithe, déanann an ceart chun aisíoc a fháil laistigh de 7 lá a chur ar chumas eagraithe socruithe malartacha a dhéanamh.

(14) In imthosca áirithe, is féidir le dearbháin dheonacha a bheith ina malairt rogha úsáideach ar aisíocaíochtaí. Is féidir níos mó solúbthachta a thabhairt d'eagraithe le dearbháin, go háirithe nuair a chuirtear de cheangal orthu go leor aisíocaíochtaí a dhéanamh laistigh de thréimhse ghairid. Ag an am céanna, is féidir le dearbháin a bheith inghlactha do thaistealaithe nach dteastaíonn aisíoc ar an toirt uathu, ar choinníoll go bhfuil ráthaíochtaí sonracha dlíthiúla ann. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha soiléire a bhunú maidir leis na ráthaíochtaí sin. Ba cheart a áireamh sna ráthaíochtaí sin faisnéis éigeantach maidir le cineál deonach agus saintréithe an dearbháin, lena n-áirítear faisnéis shoiléir nach gcuirtear ceart aisíocaíochta an taistealaí ar fionraí ach amháin má ghlacann an taistealaí go sainráite leis an dearbhán. Ciallaíonn an ceanglas nach mór don taistealaí glacadh go sainráite leis an dearbhán nach féidir an glacadh a bheith intuigthe, ach nach mór don taistealaí é a chur in iúl go gníomhach. Ba cheart an glacadh sin a shloinneadh trí mheán marthanach a úsáid. Ba cheart dearbháin a eisiúint trí úsáid a bhaint as meán marthanach agus ba cheart faisnéis a áireamh iontu maidir le saintréithe an dearbháin agus cearta an taistealaí. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin an méid atá an taistealaí i dteideal a fháil mar aisíocaíocht ('ceart aisíocaíochta an taistealaí') agus luach an dearbháin. Ba cheart d'eagraithe a bheith in ann mealltacht na ndearbhán a mhéadú, mar shampla, trína luach a mhéadú i gcomparáid le ceart aisíocaíochta an taistealaí. Sna cásanna sin, ba cheart don chosaint ar dhócmhainneacht a bheith teoranta do mhéid cheart aisíocaíochta an taistealaí.

(15) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart rialacha a bhunú maidir le tréimhse bhailíochta na ndearbhán agus maidir le haon síneadh a d'fhéadfaí a chur leo. Is iomchuí a leagan síos freisin, le linn tréimhse bhailíochta dearbháin, go gcuirfear ceart an taistealaí ar aisíocaíocht ar fionraí, agus go sonrófar na cásanna ina dtagann deireadh leis an bhfionraí sin agus ina bhfaigheann an taistealaí an ceart aisíocaíochta sin ar ais. Ós rud é go bhfuil luach airgeadúil sonrach ag dearbháin, is iomchuí a leagan síos go bhféadfar iad a úsáid le haghaidh aon seirbhís taistil a thairgeann an t-eagraí, iad a fhuascailt ina gcodanna agus iad a aistriú uair amháin, gan eagraithe a bheith in ann táille a ghearradh ar an aistriú. Le haghaidh aistriú bailí, ba cheart don taistealaí a aistríonn an dearbhán an t-eagraí a chur ar an eolas faoi chéannacht an aistrí, ionas gur féidir leis an aistrí an dearbhán a fhuascailt nó aisíocaíocht a fháil. Ba cheart é a bheith indéanta an t-aistriú a dheimhniú i bhfoirm marcáil ar an dearbhán, mar shampla go fisiciúil nó go leictreonach, chun a léiriú go soiléir gur tharla an t-aistriú.

(16) Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le sásraí lena n-áiritheofaí aisíocaíochtaí le taistealaithe i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla, le haghaidh cásanna ina gcuirtear pacáistí taistil láneagraithe ar ceal de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha agus i gcás nach féidir le heagraithe a n-oibleagáidí aisíocaíochta a chomhlíonadh. Chun an trédhearcacht a mhéadú, ba cheart a chur de cheangal ar na Ballstáit sin a thugann na sásraí sin isteach nó a choinníonn iad an Coimisiún agus lárphointí teagmhála na mBallstát eile a chur ar an eolas fúthu. Is gnách go gcistítear na sásraí sin go heisiach le ranníocaíochtaí ó eagraithe. Is in imthosca eisceachtúla cuí-réasúnaithe amháin is féidir leis na Ballstáit na sásraí sin a chómhaoiniú, agus tá a dtabhairt isteach gan dochar do rialacha an Aontais maidir le Státchabhair.

(17) Ba cheart a shoiléiriú gur féidir foirceannadh conartha taistil láneagraithe a dhéanamh i gcás inar féidir coinne réasúnach a bheith leis go ndéanfar difear suntasach dá chomhlíonadh le himthosca dosheachanta agus urghnácha. An measúnú i dtaobh an mbeidh éifeachtaí suntasacha ag imthosca dosheachanta agus urghnácha ar chomhlíonadh an taistil láneagraithe, ba cheart é a bheith bunaithe ar thuar, tráth fhoirceannadh an chonartha taistil láneagraithe, maidir leis an dóchúlacht go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag na himthosca dosheachanta agus urghnácha ar chomhlíonadh an taistil láneagraithe, agus tá measúnú cás ar chás de dhíth chuige sin. I gcás ina bhfoirceannann taistealaí an conradh taistil láneagraithe, ba cheart an measúnú sin a dhéanamh ó thaobh dearcadh meántaistealaí atá réasúnta eolach agus réasúnta géarchúiseach agus cáiréiseach, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil ar dháta foirceanta an chonartha taistil láneagraithe i dtrácht. Ba cheart éifeachtaí imthosca dosheachanta agus urghnácha a tharlaíonn ag an áit imeachta nó a tharlaíonn ag an gceann scríbe nó ina gharchomharsanacht, nó a dhéanann difear don turas go dtí an ceann scríbe nó ón gceann scríbe, lena n-áirítear na háiteanna éagsúla a bhaineann le tús agus filleadh an turais i dtrácht, a chur san áireamh i gcás ina ndéanann siad difear suntasach do chomhlíonadh na seirbhísí taistil a áirítear sa chonradh taistil láneagraithe. Ba cheart an áit imeachta a thuiscint mar an áit a gcuirtear tús le feidhmiú na seirbhísí taistil faoin gconradh taistil láneagraithe. Níor cheart imthosca nach ndéanann difear ach don turas chuig an gceann scríbe nó don turas fillte a chur san áireamh mura bhfuil an turas sin mar chuid den chonradh taistil láneagraithe, lena n-áirítear iompar an phaisinéara chuig an áit imeachta chomhaontaithe. Imthosca a bhí ar eolas ag an taistealaí cheana féin, nó ar féidir leis an taistealaí iad a thuar tráth a tugadh an conradh taistil láneagraithe i gcrích, agus nach bhfuil meath suntasach tagtha orthu ó shin i leith, ní féidir leo a bheith ina mbunús le feidhmiú an chirt chun an conradh sin a fhoirceannadh gan táille foirceanta a íoc.

(18) Áirítear ar imthosca dosheachanta agus urghnácha cásanna oibiachtúla, mar shampla cogaíocht, fadhbanna tromchúiseacha slándála eile, amhail an sceimhlitheoireacht, rioscaí suntasacha do shláinte an duine, amhail ráig galair thromchúisigh ag ceann scríbe an taistil, nó tubaistí nádúrtha, amhail tuilte, creathanna talún nó dálaí aimsire, a fhágann nach féidir taisteal go sábháilte chuig an gceann scríbe mar a comhaontaíodh sa chonradh taistil láneagraithe. Ba cheart, le himthosca dosheachanta agus urghnácha, ní hamháin imthosca a chumhdach nach bhfuil sé indéanta go hoibiachtúil taisteal láneagraithe a chomhlíonadh mar thoradh orthu, ach freisin imthosca a chiallaíonn, gan cosc a chur ar an gcomhlíonadh sin, nach féidir an taisteal láneagraithe a chomhlíonadh gan na taistealaithe lena mbaineann a nochtadh do rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh rioscaí áirithe difear an-mhór a dhéanamh do ghrúpaí áirithe taistealaithe mar gheall ar a leochaileacht.

(19) Maidir le ráitis oifigiúla nó moltaí oifigiúla arna n-eisiúint ag údaráis inniúla Ballstáit ina gcuirtear comhairle ar thaistealaithe i gcoinne taisteal chuig limistéar áirithe, d’fhéadfadh luach suntasach fianaise a bheith ag baint leo, de bharr a gcineáil, maidir le himthosca dosheachanta agus urghnácha a bheith sna tíortha lena mbaineann siad agus maidir leis na hiarmhairtí a bheadh acu sin ar chomhlíonadh an taistil láneagraithe lena mbaineann. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh na ráitis nó na moltaí sin, nó an fíoras go mbeidh taistealaithe faoi réir srianta tromchúiseacha ag an gceann scríbe taistil nó sa Bhallstát cónaithe nó imeachta tar éis dóibh filleadh ón turas nó ón tsaoire, mar shampla ceanglais choraintín ar feadh tréimhse shuntasach, a bheith, mar aon le tosca eile, ina n-eilimintí tábhachtacha atá le cur san áireamh agus breithniú á dhéanamh an bhfuil údar le foirceannadh an chonartha taistil láneagraithe de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha. Ba cheart ábharthacht na ráiteas oifigiúil sonrach nó na moltaí oifigiúla sonracha maidir le foirceannadh an chonartha taistil láneagraithe atá i gceist a mheas ar bhonn cás ar chás, agus cineál na n-imthosca atá i gceist agus an t-am idir foirceannadh an chonartha sin agus tús sceidealaithe an taistil láneagraithe á gcur san áireamh, i measc tosca eile, agus, dá bhrí sin, an dóchúlacht go dtiocfaidh athrú suntasach ar na himthosca sin. Mar sin féin, níor cheart na ráitis nó na moltaí sin a bheith ina gcoinníoll chun a shuí gur ann d’imthosca dosheachanta agus urghnácha ná d’éifeachtaí na n-imthosca sin ar chomhlíonadh an taistil láneagraithe.

(20) Ba cheart a shoiléiriú freisin go mbíonn feidhm ag an tréimhse aisíocaíochta 14 lá a ghintear le foirceannadh an chonartha taistil láneagraithe gan beann ar cé acu a iarrann nó nach n-iarrann an taistealaí go sonrach ar aisíocaíocht a fháil.

(21) Chun cosaint éifeachtach agus aonfhoirmeach do thaistealaithe agus cothroime iomaíochta d'eagraithe a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh go gcumhdaítear le cosaint eagraithe ar dhócmhainneacht gach íocaíocht a dhéanann taistealaithe agus a dhéantar ar a son i gcás dhócmhainneacht an eagraí, lena n-áirítear i gcás ina raibh taistealaí i dteideal aisíocaíochta nó ina bhfuair sé dearbhán ón eagraí roimh a dhócmhainneacht.

(22) Laistigh de na paraiméadair a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/2302, ba cheart do na Ballstáit a gcórais cosanta ar dhócmhainneacht is infheidhme laistigh dá gcríocha a shainiú, lena n-áirítear na nósanna imeachta gaolmhara agus na modhanna chun faisnéis a sholáthar maidir le cosaint ar dhócmhainneacht trí na bealaí cumarsáide is éifeachtaí atá ar fáil. Tá sé tábhachtach a cheangal go gcuirfear an fhaisnéis uile is gá ar fáil do thaistealaithe a luaithe a tharlóidh dócmhainneacht. Dá réir sin, ba cheart do na Ballstáit an t-eintiteas nó na heintitis ábhartha a ainmniú a bheidh freagrach as an bhfaisnéis is gá a sholáthar.

(23) Chun éifeachtacht na cosanta ar dhócmhainneacht a áirithiú do thaistealaithe i gcónaí, ba cheart foráil a dhéanamh gur leordhóthanach é an t-urrús le costais a chumhdach d'aisíocaíochtaí agus, i gcás inarb infheidhme, d'aisdúichithe. Ba cheart a chur san áireamh san urrús sin go bhféadfadh dócmhainneacht tarlú nuair a bhíonn eagraí i seilbh na méideanna íocaíochtaí is airde. Aon mhéadú ar na méideanna sin de bharr líon pacáistí taistil láneagraithe níos airde a bheith díolta thar thréimhse faoi leith ná mar a bhí coinne leis, ba cheart an méadú sin a chur san áireamh. Ba cheart a shoiléiriú gur cheart do na Ballstáit maoirseacht a dhéanamh ar chosaint na n-eagraithe ar dhócmhainneacht agus faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht na cosanta ar dhócmhainneacht. I gcás inar gá sin chun cosaint éifeachtach ar dhócmhainneacht a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann sásraí breise a éileamh, ciste cúltaca, cuir i gcás, chun comhlánú a dhéanamh, mar shampla, ar an gcosaint a chuirtear ar fáil le polasaithe árachais. Ba cheart, de ghnáth, na cistí cúltaca sin a chistiú go heisiach trí ranníocaíochtaí ó eagraithe agus níor cheart do na Ballstáit iad a chómhaoiniú ach amháin in imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo.
A mhéid a bhaineann Státchabhair leis na bearta sin, tá feidhm ag rialacha an Aontais maidir le Státchabhair.

(24) Maidir le haisíocaíochtaí ar íocaíochtaí taistealaithe i gcás dhócmhainneacht an eagraí, ba cheart an tréimhse ina mbeidh na haisíocaíochtaí sin le déanamh tar éis na doiciméid is gá a chur isteach a shonrú a thuilleadh. Ba cheart faisnéis maidir leis na doiciméid nach mór do thaistealaithe a chur isteach chun iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht ar a n-íocaíochtaí a chur ar áireamh san fhaisnéis a chuirfear ar fáil do thaistealaithe i gcás dócmhainneacht eagraí. Níor cheart a iarraidh ar thaistealaithe ach na doiciméid sin is gá a chur isteach chun scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh i gcomhréir le forálacha náisiúnta agus ceanglais an eintitis shonraigh nó an údaráis shonraigh atá freagrach as próiseáil shlán éifeachtúil iarrataí ar aisíocaíocht á gcur san áireamh.

(25) Is iomchuí freisin foráil a dhéanamh go mbeidh na Ballstáit in ann a cheangal ar mhiondíoltóirí cosaint ar dhócmhainneacht a fháil i dteannta eagraithe.

(26) Ba cheart a shoiléiriú go mbíonn na lárphointí teagmhála freagrach as malartú faisnéise a bhaineann le cosaint ar dhócmhainneacht agus saincheisteanna gaolmhara, lena n-áirítear aon sásra chun aisíocaíochtaí tráthúla a áirithiú i gcás fhoirceannadh na gconarthaí taistil láneagraithe.

(27) Is rud tábhachtach é go gcuirtear taistealaithe ar an eolas i gceart maidir lena gcearta, gur féidir leo an fhaisnéis a thugtar dóibh a thuiscint agus go mbeidh rochtain acu ar an bhfaisnéis sin nuair a bheidh sí de dhíth orthu. Dá bhrí sin, ba cheart athruithe áirithe a dhéanamh ar na ceanglais maidir le faisnéis réamhchonarthach, ar ábhar na gconarthaí taistil láneagraithe agus ar na foirmeacha faisnéise caighdeánacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2302. Mar shampla, ba cheart a shonrú sna foirmeacha faisnéise caighdeánacha sin an trádálaí atá freagrach as aisíocaíochtaí a sholáthar i gcás ina ndéantar conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh. Ba cheart an ceart chun conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh gan táille foirceanta a íoc de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha a chur i láthair in éineacht leis an bhféidearthacht an conradh sin a fhoirceannadh faoi réir táille foirceanta. Ina theannta sin, ba cheart oibleagáid a bheith ar na heagraithe an fhoirm faisnéise chaighdeánach a chur leis an gconradh taistil láneagraithe ionas go mbeidh sí ar fáil do thaistealaithe tar éis an conradh sin a thabhairt i gcrích, mar aon le sonraí teagmhála na dtrádálaithe ábhartha. Ba cheart faisnéis a chur ar fáil do thaistealaithe ar bhealach soiléir sothuigthe agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Ba cheart a mheabhrú, i gcás ina dtagann na seirbhísí lena mbaineann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2019/882, go bhfuil inrochtaineacht le háirithiú do dhaoine faoi mhíchumas i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn i a ghabhann leis an Treoir sin.

[6] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/882/oj).

(28) Chun éifeachtacht Threoir (AE) 2015/2302 a fheabhsú, ba cheart a cheangal ar eagraithe caighdeáin áirithe a chomhlíonadh agus gearáin á láimhseáil acu, lena n-áirítear oibleagáid a bheith orthu a admháil go bhfuarthas iad laistigh de thréimhse 7 lá agus freagra réasúnaithe a thabhairt laistigh de thréimhse 60 lá. I gcásanna ina ndéantar cumarsáid tríd an bpost, ba cheart a mheas gur chomhlíon an t-eagraí na hoibleagáidí sin má thagann dáta an phostmhairc laistigh de na tréimhsí sin faoi seach.

(29) Tá rochtain ar shásraí um réiteach díospóidí atá cothrom agus éifeachtúil tábhachtach freisin chun cearta taistealaithe a fhorfheidhmiú faoi Threoir (AE) 2015/2302. Maidir le Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], lena leagtar síos na híoscheanglais le haghaidh comhlachtaí um réiteach malartach díospóidí (RMD) le haghaidh díospóidí tomhaltóirí nach mór a bheith i bhfeidhm i ngach Ballstát, tá feidhm aici freisin maidir le díospóidí idir taistealaithe agus trádálaithe faoi Threoir (AE) 2015/2302. Maidir le Treoir (AE) 2025/2647 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] lena leasaítear Treoir 2013/11/AE chun rochtain tomhaltóirí ar RMD a neartú, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit rannpháirtíocht trádálaithe agus tomhaltóirí in RMD a chur chun cinn. Luaitear ina haithrisí gur cheart aird ar leith a thabhairt ar rannpháirtíocht trádálaithe agus tomhaltóirí i sásraí RMD in earnálacha áirithe. Ba cheart é a bheith éigeantach i gcónaí faisnéis a bheith i gconarthaí taistil láneagraithe maidir le sásraí RMD de bhun Threoir 2013/11/AE agus, i gcás inarb infheidhme, maidir leis an eintiteas RMD lena gcumhdaítear an trádálaí ábhartha. Ba cheart do thrádálaithe taistealaithe a chur ar an eolas faoi na sásraí RMD atá ar fáil freisin agus freagra diúltach á thabhairt acu ar ghearán a fhaightear ó thaistealaí.

---

7 Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le RMD le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/11/oj).

8 Treoir (AE) 2025/2647 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena leasaítear Treoir 2013/11/AE maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2015/2302, (AE) 2019/2161 agus (AE) 2020/1828 tar éis deireadh a bheith curtha leis an gClár Eorpach um Réiteach Díospóidí ar Líne (IO L, 2025/2647, 30.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/2647/oj).

(30) Sa Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Leis an Treoir seo, go háirithe, urramaítear an tsaoirse fiontraíochta a leagtar síos in Airteagal 16 den Chairt, agus leibhéal ard cosanta tomhaltóirí laistigh den Aontas a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chairt.

(31) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo laistigh de 5 bliana óna teacht i bhfeidhm. Cé go ndearnadh measúnú cúramach ar thionchar na Treorach seo ar ghnólachtaí taistil, lena n-áirítear micrea-eagraithe, eagraithe beaga agus eagraithe meánmhéide, is iomchuí tionchar chur i bhfeidhm na Treorach seo ar na heagraithe sin a chur san áireamh sa tuarascáil sin. Thairis sin, ba cheart measúnú ar chur i bhfeidhm Airteagal 5a de Threoir (AE) 2015/2302 a áireamh sa tuarascáil sin. I gcás inar gá, ba cheart bearta reachtacha a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin.

(32) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo a bhaint amach go leordhóthanach, is é sin chun rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a mhéid a bhaineann leis an taisteal láneagraithe agus le leibhéal cosanta tomhaltóirí ard agus a aonfhoirmí agus is féidir a bhaint amach san earnáil sin, ach gur fearr is féidir an cuspóir sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, de bhrí a scála agus a éifeachtaí, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(33) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2015/2302 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Threoir (AE) 2015/2302*

Leasaítear Treoir (AE) 2015/2302 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*
*Ábhar*

Is é is cuspóir don Treoir seo rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus leibhéal cosanta tomhaltóirí ard agus a aonfhoirmí agus is féidir a bhaint amach trí ghnéithe áirithe de dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a chomhfhogasú a mhéid a bhaineann le conarthaí idir taistealaithe agus trádálaithe i ndáil le taisteal láneagraithe, gnéithe áirithe de chonarthaí idir eagraithe pacáistí taistil láneagraithe agus soláthraithe seirbhíse taistil, agus ceanglais shonracha faisnéise is infheidhme maidir le cásanna áirithe nach n-eascraíonn cruthú taistil láneagraithe astu.';

(3) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le pacáistí taistil láneagraithe arna gcur ar fáil le díol nó arna ndíol ag trádálaithe le taistealaithe agus maidir le ceanglais shonracha faisnéise is infheidhme maidir le cásanna áirithe nach n-eascraíonn cruthú taistil láneagraithe astu. Tá feidhm aige freisin maidir le ceart na n-eagraithe aisíocaíocht a fháil ó sholáthraithe seirbhíse taistil i gcás ina gcuirtear seirbhís ar ceal nó nach soláthraítear í, ar seirbhís í atá mar chuid de thaisteal láneagraithe.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) pacáistí taistil láneagraithe lena gcumhdaítear tréimhse níos lú ná 24 uair an chloig ach amháin má tá cóiríocht thar oíche san áireamh;

(b) pacáistí taistil láneagraithe a thairgtear ó am go chéile agus ar bhonn neamhbhrabúis agus do ghrúpa teoranta taistealaithe amháin;

(c) pacáistí taistil láneagraithe arna gceannach ar bhonn comhaontú ginearálta maidir le socrú taistil gnó idir trádálaí agus duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá ag gníomhú chun críocha a bhaineann lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm.’;

(4) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘(2) ciallaíonn ‘taisteal láneagraithe’ comhcheangal de dhá chineál éagsúla seirbhísí taistil ar a laghad chun críche an turais chéanna nó na saoire céanna, más rud é:

(a) gurb é trádálaí amháin a chomhcheanglaíonn na seirbhísí sin, lena n-áirítear arna iarraidh sin don taistealaí nó i gcomhréir le roghnú an taistealaí, sula dtugtar conradh aonair maidir le gach seirbhís i gcrích; nó

(b) gan beann ar cé acu a thugtar nó nach dtugtar conarthaí ar leithligh i gcrích le soláthraithe seirbhíse taistil aonair, is iad seo a leanas na seirbhísí sin:

(i) seirbhísí arna gceannach ó dhíolphointe aonair agus arna roghnú sula n-aontaíonn an taistealaí íoc;

(ii) seirbhísí arna dtairiscint, arna ndíol nó arna n-íoc ar phraghas cuimsitheach nó iomlán, gan beann ar aon bhilleáil ar leithligh;

(iii) seirbhísí a ndearnadh fógraíocht ina leith nó arna ndíol faoin téarma ‘taisteal láneagraithe’ nó faoi théarma comhchosúil;

(iv) seirbhísí arna gcomhcheangal tar éis conradh a thabhairt i gcrích trína dtugann trádálaí teidlíocht don taistealaí roghnú as measc rogha cineálacha éagsúla seirbhísí taistil; nó

(v) seirbhísí arna gceannach ó thrádálaithe ar leithligh trí phróisis áirithinte ar líne idirnasctha ina ndéantar sonraí pearsanta an taistealaí, trínar féidir an taistealaí a shainaithint mar pháirtí conarthach, a tharchur ón trádálaí lena dtugtar i gcrích an chéad chonradh chuig trádálaí eile nó trádálaithe eile agus ina dtugtar conradh i gcrích leis an trádálaí eile sin nó na trádálaithe eile sin 24 uair an chloig ar a dhéanaí tar éis áirithint na chéad seirbhíse taistil a dheimhniú.

Comhcheangal de sheirbhísí taistil nach gcomhcheanglaítear níos mó ná cineál amháin seirbhíse taistil dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c) de phointe 1 le seirbhís turasóireachta amháin nó níos mó dá dtagraítear i bpointe (d) de phointe 1; ní taisteal láneagraithe é más rud é, maidir leis na seirbhísí deireanacha sin:

(a) nach bhfreagraíonn siad do níos mó ná 25 % de luach an chomhcheangail agus nach ndéantar iad a fhógairt mar ghné fhíor-riachtanach den chomhcheangal, ná nach ionann iad agus gné fhíor-riachtanach de; nó

(b) nach roghnaítear agus nach gceannaítear iad ach amháin tar éis do thús a bheith curtha le seirbhís taistil a chomhlíonadh dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c) de phointe 1;’;

(b) scriostar pointe 5;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7:

‘(7) ‘ciallaíonn ‘trádálaí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach, gan beann ar an duine sin a bheith faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, atá ag gníomhú, lena n-áirítear trí aon duine eile atá ag gníomhú faoi ainm nó thar ceann an duine sin, chun críocha a bhfuil baint acu le trádáil, le gnó, le ceird nó le gairm an duine sin i ndáil le conarthaí a chumhdaítear leis an Treoir seo, ina cháil nó ina cáil mar eagraí, mar mhiondíoltóir nó mar sholáthraí seirbhíse taistil;’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12:

‘(12) ciallaíonn ‘imthosca dosheachanta agus urghnácha’ go bhfuil imthosca oibiachtúla ann nach bhfuil neart ag an bpáirtí a agraíonn na himthosca sin orthu agus nárbh fhéidir a n-iarmhairtí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnach;’;

(5) in Airteagal 5, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (viii):

'(viii) cé acu atá nó nach bhfuil na seirbhísí taistil a áirítear sa thaisteal láneagraithe inrochtana, go ginearálta, do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, bíodh an tsoghluaisteacht laghdaithe sin mar gheall ar mhíchumas nó cúiseanna eile agus gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an tsoghluaisteacht laghdaithe sin buan nó sealadach, agus, arna iarraidh sin don taistealaí, tuilleadh faisnéise maidir le hinrochtaineacht nó oiriúnacht an taistil láneagraithe i bhfianaise na riachtanas sonrach a chuireann an taistealaí in iúl;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) ainm trádála agus seoladh geografach an eagraí agus, i gcás inarb infheidhme, an mhiondíoltóra, chomh maith lena n-uimhir teileafóin agus, i gcás inarb infheidhme, seoladh leictreonach, le go mbeidh an taistealaí in ann teagmháil a dhéanamh leis an eagraí agus, i gcás inarb infheidhme, leis an miondíoltóir go tapa agus cumarsáid a dhéanamh leo go héifeachtach;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) na socruithe le haghaidh íocaíochta, lena n-áirítear aon phointí dílseachta nó sochair eile atá ann cheana faoi chórais luaíochta, agus aon mhéid nó céatadán den phraghas atá le híoc mar éarlais agus an tráthchlár chun an méid atá fágtha a íoc, nó ráthaíochtaí airgeadais atá le híoc nó le soláthar ag an taistealaí;';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) faisnéis ghinearálta ábhartha faoi cheanglais phas agus víosa, lena n-áirítear neastréimhsí chun víosaí a fháil agus faisnéis faoi fhoirmiúlachtaí sláinte na dtíortha cinn scríbe agus idirthurais;’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) faisnéis go bhfuil sé de cheart ag an taistealaí an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh tráth ar bith roimh thús an taistil láneagraithe ar tháille foirceanta iomchuí agus réasúnaithe a íoc nó, i gcás inarb infheidhme, ar an táille foirceanta chaighdeánaithe arna hiarraidh ag an eagraí, i gcomhréir le hAirteagal 12(1), agus go bhfuil sé de cheart ag an taistealaí an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh gan aon táille foirceanta a íoc i gcás imthosca dosheachanta agus urghnácha i gcomhréir le hAirteagal 12(2);’;

(6) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 5a*

*Faisnéis réamhchonarthach i gcásanna sonracha áirithinte*

1. Gan dochar d'Airteagal 23, i gcásanna áirithinte nach mbeidh cruthú taistil láneagraithe mar thoradh orthu agus i gcás ina n-iarrann trádálaí ar thaistealaí cineál breise seirbhíse taistil a cheannach don turas céanna nó saoire chéanna, cuirfidh an trádálaí in iúl don taistealaí, tráth an chuiridh sin, ar bhealach soiléir, sothuigthe agus feiceálach, má aontaíonn an taistealaí ina dhiaidh sin íoc as cineál breise seirbhíse taistil tar éis dó a chomhaontú íoc as an gcéad chineál seirbhíse taistil, nach turas láneagraithe a bheidh sa chéad chineál seirbhíse taistil agus sa chineál breise seirbhíse taistil agus nach mbainfidh an taistealaí tairbhe as na cearta is infheidhme maidir le pacáistí taistil láneagraithe faoin Treoir seo.

2. I gcás ina ndéanfaidh trádálaí an cuireadh dá dtagraítear i mír 1 sula n-aontóidh an taistealaí íoc as an gcéad chineál seirbhíse taistil ach nach soláthróidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa mhír sin, agus ina n-aontóidh an taistealaí ina dhiaidh sin íoc as cineál breise seirbhíse taistil den sórt sin ag an díolphointe céanna laistigh de 24 uair an chloig tar éis dó aontú íoc as an gcéad chineál seirbhíse taistil, taisteal láneagraithe a bheidh sna seirbhísí taistil ábhartha, agus measfar gurb é an trádálaí eagraí an taistil láneagraithe sin.';

(7) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) faisnéis:

(i) gurb é an t-eagraí atá freagrach as comhlíonadh cuí na seirbhísí taistil uile a áirítear i gconradh i gcomhréir le hAirteagal 13, as aon aisíocaíochtaí atá dlite mar thoradh ar fhoirceannadh conartha taistil láneagraithe nó ar athruithe ar an gconradh sin, agus as cúnamh a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 16 má tá an taistealaí i gcruachás;

(ii) i gcás inarb infheidhme, gur féidir leis an taistealaí teagmháil a dhéanamh leis an eagraí trí mheán an mhiondíoltóra freisin;’;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) faisnéis maidir le socruithe láimhseála gearán, lena n-áirítear an teanga nó na teangacha inar féidir gearán a chur isteach agus ina láimhseálfar é agus an seoladh fisiciúil nó leictreonach ar féidir gearáin a chur isteach chuige, chomh maith le faisnéis maidir le sásraí um réiteach malartach díospóidí (RMD) de bhun Threoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus, i gcás inarb infheidhme, maidir leis an eintiteas RMD lena gcumhdaítear an trádálaí;

---

* Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le RMD le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/11/oj).’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Beidh an fhoirm faisnéise ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I i gceangal leis an gconradh taistil láneagraithe agus cuirfear ar fáil don taistealaí í ar mheán marthanach tráth a thugtar an conradh sin i gcrích. Beidh tagairt shoiléir sa chonradh taistil láneagraithe don fhaisnéis sin.’;

(8) leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag an taistealaí an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh tráth ar bith roimh thús an taistil láneagraithe. I gcás ina ndéanann taistealaí conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh faoin mír seo, d’fhéadfaí go gceanglófaí ar an taistealaí táille foirceanta iomchuí agus réasúnaithe a íoc leis an eagraí, ar choinníoll go sonraítear sa chonradh gur féidir an táille sin a ghearradh air.

Sa chonradh taistil láneagraithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, d'fhéadfaí:

(a) táillí foirceanta caighdeánaithe réasúnta a shonrú, bunaithe ar thráth foirceanta an chonartha roimh thús an taistil láneagraithe agus an coigilteas costais agus an t-ioncam a bhfuil coinne leis ó chur chun feidhme malartach na seirbhísí taistil, i bhfoirm méideanna socraithe nó céatadáin de phraghas an taistil láneagraithe, nó trí mhodh ríofa comhchosúil; nó

(b) a shonrú go gcomhfhreagraíonn an táille foirceanta do phraghas an taistil láneagraithe lúide coigilteas costais ábhartha agus ioncam ó chur chun feidhme malartach na seirbhísí taistil, nó do mhéid níos ísle, mar a chomhaontaigh na páirtithe.

Má fhoráiltear sa chonradh taistil láneagraithe gur féidir táille foirceanta a ghearradh ach nach bhfuil sonraíochtaí breise inti, comhfhreagróidh an táille foirceanta do phraghas an taistil láneagraithe lúide coigilteas costais ábhartha agus ioncam ó chur chun feidhme malartach na seirbhísí taistil, nó do mhéid níos ísle mar a chomhaontaigh na páirtithe.

Arna iarraidh sin don taistealaí, soláthróidh an t-eagraí údar leis na táillí foirceanta is infheidhme.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. D'ainneoin mhír 1, beidh sé de cheart ag an taistealaí an conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh roimh thús an taistil láneagraithe gan aon táille foirceanta a íoc i gcás inar féidir coinne réasúnta a bheith leis go ndéanfaidh imthosca dosheachanta agus urghnácha difear suntasach do chomhlíonadh an chonartha taistil láneagraithe, arb imthosca iad a tharlaíonn ag an áit imeachta nó ag an gceann scríbe nó ina gharchomharsanacht, nó go ndéanfaidh siad difear do thuras an taistealaí chuig an gceann scríbe nó ón gceann scríbe. Má fhoirceanntar an conradh taistil láneagraithe i gcomhréir leis an mír seo, beidh an taistealaí i dteideal aisíocaíocht iomlán d'aon íocaíocht a rinneadh as an taisteal láneagraithe ach ní bheidh sé i dteideal aon chúiteamh breise.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Cuirfidh an t-eagraí aon aisíocaíocht is gá faoi mhíreanna 2 agus 3 ar fáil nó, a mhéid a bhaineann le mír 1, aisíocfaidh sé aon íocaíocht a dhéanann an taistealaí nó a dhéantar ar a shon as an taisteal láneagraithe lúide an táille foirceanta iomchuí agus inchosanta. Déanfaidh an t-eagraí an t-aisíoc nó an aisíocaíocht sin leis an taistealaí gan moill mhíchuí agus, i gcás ar bith, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis don chonradh taistil láneagraithe a bheith foirceanta, gan gá le haon iarraidh roimh ré ón taistealaí. I gcás nach bhfuil sonraí íocaíochta an taistealaí bailí a thuilleadh, tosóidh an tréimhse aisíocaíochta 14 lá sin ón tráth a sholáthróidh an taistealaí na sonraí íocaíochta cearta don eagraí.

Más rud é, laistigh de 14 lá tar éis conradh taistil láneagraithe a fhoirceannadh faoi mhír 1, 2 nó 3, go dtagann an t-eagraí agus an taistealaí ar chomhaontú maidir le taisteal láneagraithe ionaid ar cháilíocht choibhéiseach nó níos airde, ní bheidh an taistealaí i dteideal aisíocaíochta nó aisíoca. Má ghlacann an taistealaí le taisteal láneagraithe ionaid ar cháilíocht nó ar chostas níos ísle, aisíocfaidh an t-eagraí leis an taistealaí an méid arb ionann é agus difríocht idir an praghas níos airde a íocadh agus praghas níos ísle an taisteal láneagraithe ionaid tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an chomhaontaithe maidir leis an taisteal láneagraithe ionaid.

I gcás ina dtugann Ballstáit isteach, nó ina gcoinníonn siad ar bun, sásraí a bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú go ndéantar aisíoc le taistealaithe tar éis fhoirceannadh na gconarthaí taistil láneagraithe i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo laistigh den tréimhse ama a leagtar síos sa chéad fhomhír den mhír seo, cuirfidh siad an Coimisiún agus lárphointí teagmhála na mBallstát eile ar an eolas faoi na sásraí sin, dá dtagraítear in Airteagal 18(2).';

(9) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 12a*
*Dearbháin*

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfoirceanntar conradh taistil láneagraithe de bhun Airteagail 10, 11 nó 12, go mbeidh sé de cheart ag an eagraí an rogha a thairiscint don taistealaí glacadh le dearbhán arb ionann é ar a laghad agus méid na haisíocaíochta atá an taistealaí i dteideal a fháil ('ceart aisíocaíochta an taistealaí') in ionad aisíocaíochta. Féadfaidh an t-eagraí dearbhán a thairiscint ar luach níos airde ná ceart aisíocaíochta an taistealaí.

2. Féadfaidh an taistealaí an dearbhán a úsáid le haghaidh aon seirbhís taistil a thairgeann an t-eagraí agus féadfaidh sé an dearbhán a fhuascailt ina chodanna.

3. Ní chaithfidh eagraithe le sealbhóirí dearbháin ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna agus a chaitheann siad le taistealaithe eile agus seirbhísí taistil á gcur in áirithe acu.

4. Agus dearbhán á thairiscint don taistealaí, agus sula nglacfaidh an taistealaí go sainráite leis, cuirfidh an t-eagraí an taistealaí sin ar an eolas go soiléir agus go feiceálach, ar mheán marthanach, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil an taistealaí i dteideal aisíoca laistigh de 14 lá agus nach bhfuil sé de cheangal air glacadh le dearbhán;

(b) luach an dearbhháin;

(c) méid cheart aisíocaíochta an taistealaí agus go gcumhdaítear an méid sin le cosaint dócmhainneachta an eagraí;

(d) gur féidir an dearbhán a úsáid go hiomlán nó go páirteach agus gur féidir é a úsáid le haghaidh aon seirbhís taistil a thairgeann an t-eagraí, agus, má úsáidtear an dearbhán chun seirbhís taistil aonair a chur in áirithe, nach gcumhdófar an conradh sin leis an gcosaint dá bhforáiltear sa Treoir seo;

(e) tréimhse bhailíochta an dearbhháin;

(f) gur féidir an dearbhán a aistriú aon uair amháin, agus go bhfuil an t-aistriú saor in aisce;

(g) murar fuasclaíodh an dearbhán suas le méid iomlán cheart aisíocaíochta an taistealaí faoi dheireadh a thréimhse bailíochta, go bhfuil an chuid eile den cheart aisíocaíochta sin le híoc leis an taistealaí laistigh de 14 lá tar éis dheireadh na tréimhse bailíochta sin, gan gá le haon iarraidh roimh ré.

5. Eiseofar an dearbhán ar mheán marthanach agus beidh an fhaisnéis a liostaítear i mír 4, pointí (b) go (g), ann ar bhealach soiléir sothuigthe. Léireofar ann freisin ainm trádála an eagraí, an fhaisnéis nach mór do thaistealaithe a sholáthar don eagraí chun go mbeidh aistriú chuig duine eile bailí, agus dáta tosaigh agus dáta deiridh na tréimhse bailíochta.

6. Beidh an dearbhán bailí ar feadh 12 mhí ar a mhéad ón dáta a ghlacann an taistealaí go sainráite leis i gcomhréir le mír 4. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse bhailíochta sin aon uair amháin, ar feadh suas le 12 mhí, ar choinníoll go gcomhaontaíonn an dá pháirtí go sainráite ar mheán marthanach leis an síneadh sin.

7. Cuirfear ceart aisíocaíochta an taistealaí ar fionraí le linn thréimhse bhailíochta an dearbháin, ar choinníoll go bhfuair an taistealaí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 agus gur ghlac sé go sainráite leis an dearbhán ar mheán marthanach in ionad aisíocaíochta. Féadfaidh na páirtithe aontú tráth ar bith ar aisíocaíocht iomlán nó aisíocaíocht i bpáirt a fháil sula bhfuasclófar an dearbhán nó sula rachaidh sé as feidhm. Rachaidh ceart aisíocaíochta an taistealaí in éag nuair a fhuasclófar an dearbhán suas le méid iomlán an chirt aisíocaíochta sin.

8. Cuirfear deireadh le fionraí cheart aisíocaíochta an taistealaí:

   (a) nuair a rachaidh tréimhse bhailíochta an dearbháin in éag, mura mbeidh an dearbhán fuascailte suas le méid cheart aisíocaíochta an taistealaí; nó

(b) sula rachaidh tréimhse bhailíochta dearbháin in éag, nuair a chomhaontóidh na páirtithe le haisíocaíocht maidir le haon mhéid atá fágtha de cheart aisíocaíochta an taistealaí; nó

(c) i gcás dhócmhainneacht an eagraí.

9. Aisíocfaidh an t-eagraí an taistealaí gan moill mhíchuí agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis deireadh a chur le fionraí cheart aisíocaíochta an taistealaí, i gcomhréir le mír 8, pointí (a) agus (b), gan gá le haon iarraidh roimh ré ón taistealaí.

10. Féadfaidh taistealaithe an dearbhán a aistriú aon uair amháin. Ní bheidh an t-aistriú bailí ach amháin má chuireann an taistealaí a aistríonn an dearbhán an t-eagraí ar an eolas, ar mheán marthanach, faoin aistriú agus má sholáthraíonn sé sonraí pearsanta an aistrí atá riachtanach don aistrí chun an dearbhán a fhuascailt nó chun aisíocaíocht a fháil ag deireadh thréimhse bhailíochta an dearbháin. Dearbhóidh an t-eagraí aistriú an dearbháin gan moill mhíchuí ar mheán marthanach. Ní fhéadfaidh eagraithe aon táille a ghearradh as an aistriú.';

(10) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 16a*
*Gearáin a láimhseáil*

1. Áiritheoidh an t-eagraí gur féidir teagmháil a dhéanamh leis go héasca trí na pointí teagmhála a léirítear i gcomhréir le hAirteagal 7(2), pointe (d), agus gur féidir leis freagairt go héifeachtúil d'fhiosrúcháin ó thaistealaithe nó thar a gceann, agus go háirithe iad siúd a bhaineann le cúnamh a sholáthar faoi Airteagal 16, i gcás ina bhfuil deacracht ag taistealaí, nó d'aon easpa comhréireachta a tharlaíonn le linn fheidhmiú an taistil láneagraithe agus do na leigheasanna gaolmhara dá bhforáiltear in Airteagal 13.

2. Beidh socruithe i bhfeidhm ag an eagraí freisin chun cineálacha gearán seachas na cinn dá dtagraítear i mír 1 a láimhseáil go héifeachtach.

   Admhóidh an t-eagraí go bhfuarthas na gearáin sin, ar mheán marthanach, laistigh de 7 lá ón ngearán a fháil agus tabharfaidh sé freagra réasúnaithe don taistealaí, ar mheán marthanach, laistigh de 60 lá tar éis dháta an ghearáin.

   Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le tréimhsí níos giorra ná na tréimhsí dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo.

3. Mura nglacann an t-eagraí go hiomlán le gearán an taistealaí, cuirfidh an t-eagraí an taistealaí ar an eolas, sa fhreagra réasúnaithe, faoi aon sásra RMD de bhun Threoir 2013/11/AE atá ar fáil don taistealaí maidir leis an ábhar atá i gceist.';

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

'*Airteagal 17*
*Éifeachtacht agus raon feidhme na cosanta ar dhócmhainneacht*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh eagraithe ina gcríoch urrús ar fáil chun gach íocaíocht a dhéanann taistealaithe nó a dhéantar ar a son a aisíoc i gcás dhócmhainneacht an eagraí. Áireofar leis an urrús sin cosaint íocaíochtaí a dhéantar i gcás nach gcomhlíontar taisteal láneagraithe ina iomláine nó i bpáirt de dhroim dhócmhainneacht an eagraí, nó i gcás ina bhfuil an taistealaí i dteideal aisíocaíochta. i gcás ina bhfaighidh taistealaí dearbhán, beidh an t-urrús teoranta do mhéid cheart aisíocaíochta an taistealaí. Má áirítear an turas fillte sa chonradh taistil láneagraithe, cuirfidh eagraithe urrús ar fáil d'aisdúichiú an taistealaí freisin. Féadfar leanúint den taisteal láneagraithe a thairiscint.

Beidh sé ina cheangal ar eagraithe nach bhfuil bunaithe i mBallstát a dhíolann nó a thairgeann pacáistí taistil láneagraithe le díol i mBallstát, nó a threoraíonn na gníomhaíochtaí sin chuig Ballstát trí mheán ar bith, an t-urrús a chur ar fáil i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin.

2. Beidh an t-urrús dá dtagraítear i mír 1 éifeachtach agus cumhdófar costais atá measartha intuartha leis. Cumhdófar leis na méideanna íocaíochtaí a rinne taistealaithe nó a rinneadh ar a son i ndáil le pacáistí taistil láneagraithe, agus fad na tréimhse idir fáil aon íocaíochtaí agus comhlíonadh na bpacáistí taistil láneagraithe, chomh maith leis an gcostas measta ar aisdúichithe i gcás dhócmhainneacht an eagraí, á gcur san áireamh. Beidh an t-urrús leordhóthanach i gcónaí chun costas na n-aisíocaíochtaí agus, i gcás inarb infheidhme, na n-aisdúichithe a chumhdach. Cuirfear san áireamh leis an urrús gur féidir dócmhainneachtaí tarlú nuair a shealbhaíonn eagraithe an méid is airde d'íocaíochtaí. Cuirfear san áireamh san urrús freisin aon athrú ar mhéid díolachán na bpacáistí taistil láneagraithe.

3. Chun éifeachtacht na cosanta ar dhócmhainneacht a áirithiú, maoirseoidh na Ballstáit socruithe cosanta dócmhainneachta na n-eagraithe atá bunaithe ar a gcríoch agus déanfaidh siad faireachán ar infhaighteacht réiteach cosanta dócmhainneachta.

4. Tairbheoidh taistealaithe de chosaint eagraí ar dhócmhainneacht gan beann ar a n-áit chónaithe, an áit imeachta nó an áit ina ndíoltar an taisteal láneagraithe, agus gan beann ar an mBallstát ina bhfuil an t-eintiteas i gceannas ar an gcosaint ar dhócmhainneacht suite.

5. Nuair a dhéanann feidhmiú an taistil láneagraithe difear do dhócmhainneacht an eagraí, beidh an t-urrús ar fáil saor in aisce chun aisdúichithe a áirithiú agus, más gá, chun maoiniú na cóiríochta roimh an aisdúichiú a áirithiú.

6. Gheobhaidh taistealaithe aisíocaíocht ar a n-íocaíochtaí gan moill mhíchuí agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis na doiciméid is gá a chur isteach chun scrúdú a dhéanamh ar a n-iarratas.

I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, lena n-áirítear i gcás ina bhfaigheann an t-eintiteas nó an t-údarás atá freagrach as an iarratas a phróiseáil líon fíor-ard iarratas laistigh de thréimhse ghearr ama, nó i gcás ina ndéanann dócmhainneacht an eagraí difear do thaistealaithe ó roinnt Ballstát, cuirfear aisíocaíochtaí ar íocaíochtaí ar fáil laistigh de naoi mí tar éis na doiciméid riachtanacha a chur isteach.

Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le tréimhsí níos giorra ná na tréimhsí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír.

7. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás dócmhainneacht eagraí, go gcuirfear taistealaithe ar an eolas gan moill mhíchuí, trí bhealaí cumarsáide iomchuí, faoin méid seo a leanas ar a laghad:

(a) dócmhainneacht an eagraí;

(b) ainm agus sonraí teagmhála an eintitis atá i gceannas ar chosaint dócmhainneachta, nó, i gcás inarb infheidhme, ainm agus sonraí teagmhála an údaráis inniúil;

(c) a gcearta maidir le pacáistí taistil láneagraithe a bhfuil tús curtha leo cheana féin nó ar féidir iad a fheidhmiú fós; agus

(d) na doiciméid nach mór do thaistealaithe a chur isteach chun aisíocaíocht a iarraidh.

8. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh rochtain ag an bpobal ar fhardail ar líne ina liostaítear na heagraithe uile agus, i gcás inarb infheidhme, na miondíoltóirí uile atá bunaithe ar a chríoch agus atá cumhdaithe ag cosaint ar dhócmhainneacht faoi na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo agus go gcoinneofar cothrom le dáta iad. Comhroinnfidh na Ballstáit leis an gCoimisiún na naisc chuig suíomhanna gréasáin a bhfardal nuair a thabharfaidh siad fógra faoi na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo agus cuirfidh siad aon athrú ar na naisc sin in iúl don Choimisiún gan mhoill. Cuirfidh an Coimisiún liosta de na naisc a gheofar ó na Ballstáit ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin. Tabharfaidh an Coimisiún an liosta sin cothrom le dáta gan moill mhíchuí aon uair a chuirfidh Ballstát nasc nua in iúl dó.

9. I gcás ina bhfuil údar leis i bhfianaise na n-íocaíochtaí a fhaigheann miondíoltóirí, féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar mhiondíoltóirí, agus ar eagraithe, cosaint ar dhócmhainneacht a fháil, gan dochar d’Airteagal 13(1), an dara fomhír.’;

(12) leasaítear Airteagal 18 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ainmneoidh na Ballstáit lárphointí teagmhála chun comhar riaracháin agus maoirsiú eagraithe a oibríonn i mBallstáit éagsúla a éascú agus chun faisnéis a mhalartú maidir le cosaint ar dhócmhainneacht agus maidir le haon sásraí a cuireadh i bhfeidhm chun éifeachtacht aisíocaíochtaí a áirithiú tar éis fhoirceannadh na gconarthaí taistil láneagraithe. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi shonraí teagmhála na bpointí teagmhála sin do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfaidh na lárphointí teagmhála na pointí sin a chur ar fáil dá chéile i ndáil leis an bhfaisnéis riachtanach uile maidir lena gceanglais cosanta náisiúnta ar dhócmhainneacht agus céannacht an eintitis nó na n-eintiteas atá i gceannas ar an gcosaint ar dhócmhainneacht ar eagraithe sonracha atá bunaithe ina gcríoch.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Má tá amhras ar Bhallstát faoi chosaint dócmhainneachta eagraí, lorgóidh sé soiléiriú ó Bhallstát bunaíochta an eagraí. Freagróidh na Ballstáit d’iarrataí ó Bhallstáit eile a luaithe is féidir, agus práinn agus castacht an ábhair á gcur san áireamh. In aon chás, áireofar sa chéad fhreagairt céannacht an eagraí nó, i gcás inarb infheidhme, céannacht an mhiondíoltóra, agus céannacht an eintitis nó na n-eintiteas atá i gceannas ar an gcosaint ar dhócmhainneacht. Eiseofar é laistigh de 15 lá oibre ar a dhéanaí ón iarraidh a fháil.’;

(13) scriostar Caibidil VI, ina bhfuil Airteagal 19;

(14) in Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh trádálaí faoi dhliteanas i leith aon earráidí de dheasca fabhtanna teicniúla sa chóras áirithinte atá inchurtha ina leith agus, i gcás inar chomhaontaigh an trádálaí áirithint taistil láneagraithe a shocrú, i leith na n-earráidí a rinneadh le linn an phróisis áirithinte.’;

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 22:

'*Airteagal 22*

*Ceart sásaimh agus cearta eagraithe ar aisíocaíocht*

1. I gcásanna ina ndéanann eagraí nó, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 13(1) nó Airteagal 20, miondíoltóir cúiteamh a íoc nó laghdú ar phraghas a dheonú nó ina gcomhlíonann sé na hoibleagáidí eile atá de dhualgas air faoin Treoir seo, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag an eagraí nó an miondíoltóir sásamh a lorg ó aon tríú páirtí a rannchuidigh leis an teagmhas lenar gineadh an cúiteamh, an laghdú ar phraghas nó oibleagáidí eile.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gcuireann soláthraí seirbhíse taistil seirbhís ar ceal atá ina cuid de thaisteal láneagraithe nó ina mainníonn sé an tseirbhís a chur ar fáil, go n-aisíocfaidh an soláthraí seirbhíse sin leis an eagraí aon íocaíocht a rinne an t-eagraí don tseirbhís sin laistigh de 7 lá. Tosóidh an tréimhse 7 lá sin an lá tar éis chealúchán na seirbhíse, nó an lá a bhí an tseirbhís le feidhmiú, cibé acu is luaithe.';

(16) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Le dearbhú ó eagraí taistil láneagraithe ina sonraítear go bhfuil sé ag gníomhú leis féin mar sholáthraí seirbhíse taistil, mar idirghabhálaí nó i gcáil ar bith eile, nó, ina sonraítear nach bhfuil taisteal láneagraithe ina thaisteal láneagraithe, ní scaoilfear an t-eagraí sin ó na hoibleagáidí a fhorchuirtear air faoin Treoir seo.';

(17) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn I;

(18) scriostar Iarscríbhinn II.

*Airteagal 2*

*Tuairisciú ón gCoimisiún agus athbhreithniú*

Faoi [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil sin, go háirithe, measúnú ar chur i bhfeidhm Airteagal 5a de Threoir (AE) 2015/2302, arna chur isteach le hAirteagal 1, pointe (6), den Treoir seo, agus cuirfear san áireamh inti an tionchar ar mhicrea-eagraithe, ar eagraithe beaga agus ar eagraithe meánmhéide.

Beidh tograí reachtacha ag gabháil leis an tuarascáil nuair is gá.

*Airteagal 3*

*Trasuí*

1. Faoin … [28 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

   Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón … [34 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den chineál sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar an tagairt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 4*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

*Seolaithe*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**IARSCRÍBHINN**

'IARSCRÍBHINN I

Cuid A

Foirm faisnéise chaighdeánach le haghaidh conarthaí taistil láneagraithe
i gcás inar féidir hipearnaisc a úsáid

| MO PHRÍOMHCHEARTA MAR THAISTEALAÍ |
| --- |
| Is taisteal láneagraithe de réir bhrí Threoir (AE) 2015/2302 maidir le taisteal láneagraithe é an meascán seirbhísí taistil a thairgtear duit.<br><br>Dá bhrí sin, tairbheoidh tú de na cearta uile de chuid an Aontais a bhfuil feidhm leo maidir le pacáistí taistil láneagraithe. Cuideachta XY, mar eagraí an taistil láneagraithe seo, [(i gcás inarb iomchuí faoin dlí náisiúnta is infheidhme) agus cuideachta XZ, mar mhiondíoltóir,][1] [atá] go hiomlán freagrach as comhlíonadh ceart an taistil láneagraithe.<br><br>Ina theannta sin, mar a cheanglaítear leis an dlí, tugtar cosaint do d'íocaíochtaí le cuideachta XY [(i gcás inarb iomchuí) agus le cuideachta YZ)[1]] agus, i gcás ina n-áirítear an turas fillte sa taisteal láneagraithe, ráthaítear d'aisdúichiú i gcás ina dtiocfadh [an chuideachta/na cuideachtaí sin[1]] chun bheith dócmhainneach.<br><br>Tá tuilleadh faisnéise faoi phríomhchearta faoi Threoir (AE) 2015/2302, lena n-áirítear faisnéis maidir le hathruithe ar chonarthaí, cealúcháin, aisíocaíochtaí, dliteanas i leith comhlíonadh míchuí agus cosaint ar dhócmhainneacht, chomh maith le páirtithe a bhfuil teagmháil le déanamh leo, le fáil anseo (le soláthar i bhfoirm hipearnaisc). |

1 Tá an mhalairt rogha cheart le roghnú ag na Ballstáit agus trasuí na Treorach acu á chur san áireamh.

Ach an hipearnasc a leanúint, gheobhaidh an taistealaí an fhaisnéis seo a leanas:

Príomhchearta faoi Threoir (AE) 2015/2302

Faisnéis

– Gheobhaidh taistealaithe an fhaisnéis riachtanach uile faoin taisteal láneagraithe sula dtabharfar an conradh taistil láneagraithe i gcrích, lena n-áirítear faisnéis faoin bpraghas agus faoi na híocaíochtaí atá dlite tráth na háirithinte.

– I ndiaidh conradh taistil láneagraithe a thabhairt i gcrích, gheobhaidh taistealaithe an conradh ar mheán marthanach (ar pháipéar nó ríomhphost, mar shampla).

Trádálaí faoi dhliteanas agus pointí teagmhála

– Bíonn trádálaí amháin ar a laghad ann atá faoi dhliteanas as comhlíonadh ceart na seirbhísí taistil uile a áirítear i dtaisteal láneagraithe. Is é an trádálaí sin eagraí an taistil láneagraithe, mar a shainaithnítear leis an téacs sa bhosca thuas agus sa chonradh. Ní mór sonraí teagmhála an eagraí a bheith sa chonradh.

– I gcás ina ndíoltar taisteal láneagraithe trí mhiondíoltóir (gníomhaire taistil, mar shampla), féadfaidh taistealaithe teagmháil a dhéanamh leis an miondíoltóir freisin má tá aon fhadhb ann nó chun teachtaireachtaí a tharchur chuig an eagraí. Soláthraítear sonraí teagmhála an mhiondíoltóra sa chonradh freisin. Ag brath ar an dlí náisiúnta is infheidhme, féadfaidh miondíoltóirí a bheith faoi dhliteanas as comhlíonadh an taistil láneagraithe freisin.

– Tabharfar uimhir theileafóin éigeandála nó mionsonraí faoi phointe teagmhála do thaistealaithe, a fhéadfaidh siad a úsáid le dul i dteagmháil leis an eagraí nó leis an miondíoltóir agus iad ar a dturas nó ar saoire.

An conradh a aistriú

– Féadfaidh taistealaithe an taisteal láneagraithe a aistriú chuig duine éigin eile, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith faoi réir ag táille. Ní mór don taistealaí fógra a thabhairt don eagraí laistigh de thréimhse ama réasúnta, nó i gcás inarb infheidhme, don mhiondíoltóir.

Méaduithe ar phraghsanna

– Ní fhéadtar praghas an taistil láneagraithe a mhéadú ach amháin má thagann ardú ar chostais shonracha (praghsanna breosla, mar shampla) agus má dhéantar foráil go sainráite dó sin sa chonradh, agus má dhéantar é 20 lá roimh thús an taistil láneagraithe ar a dhéanaí. I gcás ina sáraíonn an méadú ar an bpraghas 8 % de phraghas an taistil láneagraithe, féadfaidh taistealaithe an conradh a fhoirceannadh agus, sa chás sin, gheobhaidh siad a gcuid airgid ar ais. Má choimeádann an t-eagraí an ceart, sa chonradh, chun an praghas a mhéadú, beidh sé de cheart ag taistealaithe laghdú praghais a fháil má thagann laghdú ar na costais ábhartha.

An conradh a fhoirceannadh roimh thús an taistil láneagraithe

– Féadfaidh taistealaithe an conradh a fhoirceannadh gan aon táille foirceanta a íoc agus aisíocaíocht iomlán d'aon íocaíochtaí a fháil i gcás ina dtiocfaidh athrú suntasach ar aon cheann d'eilimintí fíor-riachtanacha an taistil láneagraithe, nó i gcás ina dtiocfaidh méadú ar an bpraghas a sháróidh 8 % de phraghas an taistil láneagraithe.

– I gcás ina gcealóidh an trádálaí atá freagrach as an taisteal láneagraithe an taisteal láneagraithe roimh thús an taistil láneagraithe, beidh taistealaithe i dteideal aisíocaíochta agus, i gcás inarb iomchuí, beidh siad i dteideal cúitimh.

– Féadfaidh taistealaithe, roimh thús an taistil láneagraithe, an conradh a fhoirceannadh gan aon táille foirceanta a íoc i gcás ina ndéanann imthosca dosheachanta agus urghnácha difear suntasach don turas nó don tsaoire. Áirítear ar shamplaí d'imthosca dosheachanta agus urghnácha tubaistí nádúrtha, fadhbanna tromchúiseacha slándála nó rioscaí sláinte poiblí ar féidir a cheapadh go réasúnach go ndéanfaidh siad difear don taisteal láneagraithe.

– Ina theannta sin, féadfaidh taistealaithe, tráth ar bith roimh thús an taistil láneagraithe, an conradh a fhoirceannadh, lena n-áirítear ar fhorais phearsanta, ar tháille foirceanta iomchuí agus inchosanta a íoc. Ní mór fógra a thabhairt do thaistealaithe maidir leis na táillí sin sula dtugtar an conradh i gcrích agus sa chonradh.

Aisíocaíochtaí

– I ngach cás ina gcuireann an t-eagraí nó an taistealaí an taisteal láneagraithe ar ceal, ní mór do thaistealaithe aisíocaíocht ar a n-íocaíochtaí a fháil (i gcás inarb iomchuí, agus táillí foirceanta á gcur san áireamh) laistigh de 14 lá, ach amháin má chomhaontaíonn na páirtithe ar thaisteal láneagraithe ionaid laistigh den tréimhse 14 lá sin. Is é eagraí an taistil láneagraithe atá freagrach as na haisíocaíochtaí a sholáthar. I gcás ina bhfuil miondíoltóir rannpháirteach agus i gcás ina gceanglaítear é sin leis an dlí náisiúnta is infheidhme, beidh an miondíoltóir freagrach as aisíocaíochtaí a sholáthar freisin.

– I gcás ina dtairgeann eagraí dearbhán atá le húsáid le haghaidh aon seirbhís taistil arna tairiscint ag an eagraí in ionad aisíocaíochta laistigh de 14 lá, gheobhaidh taistealaithe faisnéis faoina gcearta i ndáil leis an dearbhán agus féadfaidh siad a roghnú glacadh leis nó gan glacadh leis.

Fadhbanna le linn an turais nó na saoire

– Tá sé d'oibleagáid ar an eagraí fadhbanna a tharlaíonn le linn chomhlíonadh an taistil láneagraithe a leigheas. Ní mór do thaistealaithe an t-eagraí a chur ar an eolas faoi na fadhbanna a tharlaíonn dóibh.

– I gcás nach féidir eilimintí suntasacha den taisteal láneagraithe a sholáthar mar a comhaontaíodh, ní mór don eagraí socruithe malartacha oiriúnacha a thairiscint gan aon chostas breise. Féadfaidh taistealaithe an conradh a fhoirceannadh gan aon táille a íoc, mura ndéantar seirbhísí taistil i gcomhréir leis an gconradh, i gcás ina ndéanann sin difear substaintiúil do chomhlíonadh an taistil láneagraithe, agus ina dteipeann ar an eagraí an fhadhb a leigheas.

– Tá taistealaithe i dteideal laghdú ar an bpraghas nó cúiteamh as damáistí freisin, nó an dá rud, i gcás nach ndéantar na seirbhísí taistil nó nach ndéantar i gceart iad, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2015/2302.

– Tá ar an eagraí cúnamh a sholáthar má tá deacrachtaí ag an taistealaí, trí fhaisnéis faoi sheirbhísí sláinte, údaráis áitiúla agus cúnamh consalachta a chur ar fáil, mar shampla, agus tríd an deis a chur ar fáil cumarsáid chianda a dhéanamh.

Cosaint ar dhócmhainneacht

– I gcás ina dtiocfadh an t-eagraí chun bheith dócmhainneach, aisíocfar íocaíochtaí taistealaithe. I roinnt Ballstát, tá íocaíochtaí le miondíoltóirí cosanta ar dhócmhainneacht freisin. Má thagann an t-eagraí nó, i gcás inarb infheidhme, an miondíoltóir, chun bheith dócmhainneach i ndiaidh thús an taistil láneagraithe, agus má tá an turas fillte san áireamh sa taisteal láneagraithe, ráthaítear aisdúichiú taistealaithe. Tá cosaint ar dhócmhainneacht glactha ag XY le WX (an t-eintiteas atá i gceannas ar an gcosaint ar dhócmhainneacht, mar shampla ciste ráthaíochta nó cuideachta árachais). Féadfaidh taistealaithe teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas sin nó, i gcás inarb infheidhme, leis an údarás inniúil (mionsonraí teagmhála, lena n-áirítear ainm, seoladh geografach, ríomhphost agus uimhir theileafóin) má tá seirbhísí á ndiúltú dóibh mar gheall ar dhócmhainneacht XY.

Treoir (AE) 2015/2302, mar atá trasuite sa dlí náisiúnta (hipearnasc)

Cuid B

Foirm faisnéise chaighdeánach le haghaidh conarthaí taistil láneagraithe i gcásanna seachas na cásanna a chumhdaítear le Cuid A

| MO PHRÍOMHCHEARTA MAR THAISTEALAÍ |
|---|
| Is taisteal láneagraithe de réir bhrí Threoir (AE) 2015/2302 é an meascán seirbhísí taistil atá á thairiscint duit.<br><br>Dá bhrí sin, tairbheoidh tú de na cearta uile de chuid an Aontais a bhfuil feidhm leo maidir le pacáistí taistil láneagraithe. Cuideachta XY, mar eagraí an taistil láneagraithe seo, [(i gcás inarb iomchuí faoin dlí náisiúnta is infheidhme) agus cuideachta XZ, mar mhiondíoltóir,][1] [atá] go hiomlán freagrach as comhlíonadh ceart an taistil láneagraithe.<br><br>Ina theannta sin, mar a cheanglaítear leis an dlí, tugtar cosaint do d'íocaíochtaí le cuideachta XY [(i gcás inarb iomchuí) agus le cuideachta YZ)][1] agus, i gcás ina n-áirítear an turas fillte sa taisteal láneagraithe, ráthaítear d'aisdúichiú i gcás ina dtagann [an chuideachta/na cuideachtaí sin[1]] chun bheith dócmhainneach.<br><br>Tá tuilleadh faisnéise faoi phríomhchearta faoi Threoir (AE) 2015/2302, lena n-áirítear faisnéis maidir le hathruithe ar chonarthaí, cealúcháin, aisíocaíochtaí, dliteanas i leith comhlíonadh míchuí agus, cosaint ar dhócmhainneacht, chomh maith leis na páirtithe a bhfuil teagmháil le déanamh leo, curtha i láthair thíos. |

1 Tá an mhalairt rogha cheart le roghnú ag na Ballstáit agus trasuí na Treorach acu á chur san áireamh.

Príomhchearta faoi Threoir (AE) 2015/2302

Faisnéis

– Gheobhaidh taistealaithe an fhaisnéis riachtanach uile faoin taisteal láneagraithe sula dtabharfar an conradh taistil láneagraithe i gcrích, lena n-áirítear faisnéis faoin bpraghas agus faoi na híocaíochtaí atá dlite tráth na háirithinte.

– I ndiaidh conradh taistil láneagraithe a thabhairt i gcrích, gheobhaidh taistealaithe an conradh ar mheán marthanach (ar pháipéar nó ríomhphost, mar shampla).

Trádálaí faoi dhliteanas agus pointí teagmhála

– Bíonn trádálaí amháin ar a laghad ann atá faoi dhliteanas as comhlíonadh ceart na seirbhísí taistil uile a áirítear i dtaisteal láneagraithe. Is é an trádálaí sin eagraí an taistil láneagraithe, mar a shainaithnítear leis an téacs sa bhosca thuas agus sa chonradh. Ní mór sonraí teagmhála an eagraí a bheith sa chonradh.

– I gcás ina ndíoltar taisteal láneagraithe trí mhiondíoltóir (gníomhaire taistil, mar shampla), féadfaidh taistealaithe teagmháil a dhéanamh leis an miondíoltóir freisin má tá fadhb ann nó chun teachtaireachtaí a chur ar aghaidh chuig an eagraí. Soláthraítear sonraí teagmhála an mhiondíoltóra sa chonradh freisin. Ag brath ar an dlí náisiúnta is infheidhme, féadfaidh miondíoltóir a bheith faoi dhliteanas as comhlíonadh an taistil láneagraithe freisin.

– Tabharfar uimhir theileafóin éigeandála nó mionsonraí faoi phointe teagmhála do thaistealaithe, a fhéadfaidh siad a úsáid le dul i dteagmháil leis an eagraí nó leis an miondíoltóir agus iad ar a dturas nó ar saoire.

An conradh a aistriú

– Féadfaidh taistealaithe an taisteal láneagraithe a aistriú chuig duine éigin eile, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith faoi réir ag táille. Ní mór don taistealaí fógra a thabhairt don eagraí laistigh de thréimhse ama réasúnta, nó i gcás inarb infheidhme, don mhiondíoltóir.

Méaduithe ar phraghsanna

– Ní fhéadtar praghas an taisteal láneagraithe a mhéadú ach amháin má thagann ardú ar chostais shonracha (praghsanna breosla, mar shampla) agus má dhéantar foráil go sainráite dó sin sa chonradh, agus má dhéantar é 20 lá roimh thús an taistil láneagraithe ar a dhéanaí. I gcás ina sáraíonn an méadú ar an bpraghas 8 % de phraghas an taistil láneagraithe, féadfaidh taistealaithe an conradh a fhoirceannadh agus, sa chás sin, gheobhaidh siad a gcuid airgid ar ais. Má choimeádann an t-eagraí an ceart, sa chonradh, chun an praghas a mhéadú, beidh sé de cheart ag taistealaithe laghdú praghais a fháil má thagann laghdú ar na costais ábhartha.

An conradh a fhoirceannadh roimh thús an taistil láneagraithe

– Féadfaidh taistealaithe an conradh a fhoirceannadh gan aon táille foirceanta a íoc agus aisíocaíocht iomlán d'aon íocaíochtaí a fháil i gcás ina dtiocfaidh athrú suntasach ar aon cheann d'eilimintí fíor-riachtanacha an taistil láneagraithe, nó i gcás ina dtiocfaidh méadú ar an bpraghas a sháróidh 8 % de phraghas an taistil láneagraithe.

– I gcás ina gcealóidh an trádálaí atá freagrach as an taisteal láneagraithe an taisteal láneagraithe roimh thús an taistil láneagraithe, beidh taistealaithe i dteideal aisíocaíochta agus, i gcás inarb iomchuí, beidh siad i dteideal cúitimh.

– Féadfaidh taistealaithe, roimh thús an taistil láneagraithe, an conradh a fhoirceannadh gan aon táille foirceanta a íoc i gcás ina ndéanann imthosca dosheachanta agus urghnácha difear suntasach don turas nó don tsaoire. Áirítear ar shamplaí d'imthosca dosheachanta agus urghnácha tubaistí nádúrtha, fadhbanna tromchúiseacha slándála nó rioscaí sláinte poiblí ar féidir a cheapadh go réasúnach go ndéanfaidh siad difear don taisteal láneagraithe.

– Ina theannta sin, féadfaidh taistealaithe, tráth ar bith roimh thús an taistil láneagraithe, an conradh a fhoirceannadh, lena n-áirítear ar fhorais phearsanta, ar tháille foirceanta iomchuí agus inchosanta a íoc. Ní mór fógra a thabhairt do thaistealaithe maidir leis na táillí sin sula dtugtar an conradh i gcrích agus sa chonradh.

Aisíocaíochtaí

– I ngach cás ina gcuireann an t-eagraí nó an taistealaí an taisteal láneagraithe ar ceal, ní mór do thaistealaithe aisíocaíocht ar a n-íocaíochtaí a fháil (i gcás inarb iomchuí, agus táillí foirceanta á gcur san áireamh) laistigh de 14 lá, ach amháin má chomhaontaíonn na páirtithe ar thaisteal láneagraithe ionaid laistigh den tréimhse 14 lá sin. Is é eagraí an taistil láneagraithe atá freagrach as na haisíocaíochtaí a sholáthar. i gcás ina bhfuil miondíoltóir rannpháirteach agus i gcás ina gceanglaítear é sin leis an dlí náisiúnta is infheidhme, beidh an miondíoltóir freagrach as aisíocaíochtaí a sholáthar freisin.

– I gcás ina dtairgeann eagraí dearbhán atá le húsáid le haghaidh aon seirbhís taistil arna tairiscint ag an eagraí seachas aisíocaíocht laistigh de 14 lá, gheobhaidh taistealaithe faisnéis faoina gcearta i ndáil leis an dearbhán agus féadfaidh siad a roghnú glacadh leis nó gan glacadh leis.

Fadhbanna le linn an turais nó na saoire

– Tá sé d'oibleagáid ar an eagraí fadhbanna a tharlaíonn le linn chomhlíonadh an taistil láneagraithe a leigheas. Ní mór do thaistealaithe an t-eagraí a chur ar an eolas faoi na fadhbanna a tharlaíonn dóibh.

– I gcás nach féidir eilimintí suntasacha den taisteal láneagraithe a sholáthar mar a comhaontaíodh, ní mór don eagraí socruithe malartacha oiriúnacha a thairiscint gan aon chostas breise. Féadfaidh taistealaithe an conradh a fhoirceannadh gan aon táille a íoc, mura ndéantar seirbhísí taistil i gcomhréir leis an gconradh, i gcás ina ndéanann sin difear substaintiúil do chomhlíonadh an taistil láneagraithe, agus ina dteipeann ar an eagraí an fhadhb a leigheas.

– Tá taistealaithe i dteideal laghdú ar an bpraghas nó cúiteamh as damáistí freisin, nó an dá rud, i gcás nach ndéantar na seirbhísí taistil nó nach ndéantar i gceart iad, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2015/2302.

– Tá ar an eagraí cúnamh a sholáthar má tá deacrachtaí ag an taistealaí, trí fhaisnéis faoi sheirbhísí sláinte, údaráis áitiúla agus cúnamh consalachta a chur ar fáil, mar shampla, agus tríd an deis a chur ar fáil cumarsáid chianda a dhéanamh.

Cosaint ar dhócmhainneacht

– I gcás ina dtiocfadh an t-eagraí chun bheith dócmhainneach, aisíocfar íocaíochtaí taistealaithe. I roinnt Ballstát, tá íocaíochtaí le miondíoltóirí cosanta ar dhócmhainneacht freisin. Má thagann an t-eagraí nó, i gcás inarb infheidhme, an miondíoltóir, chun bheith dócmhainneach i ndiaidh thús an taistil láneagraithe, agus má tá an turas fillte san áireamh sa taisteal láneagraithe, ráthaítear aisdúichiú taistealaithe. Tá cosaint ar dhócmhainneacht glactha ag XY le WX (an t-eintiteas atá i gceannas ar an gcosaint ar dhócmhainneacht, mar shampla ciste ráthaíochta nó cuideachta árachais). Féadfaidh taistealaithe teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas sin nó, i gcás inarb infheidhme, leis an údarás inniúil (mionsonraí teagmhála, lena n-áirítear ainm, seoladh geografach, ríomhphost agus uimhir theileafóin) má tá seirbhísí taistil á ndiúltú dóibh mar gheall ar dhócmhainneacht XY.

(Suíomh gréasáin ar a bhfuil Treoir (AE) 2015/2302, mar atá trasuite sa dlí náisiúnta, le fáil)

Cuid C

Foirm faisnéise chaighdeánach i gcás ina dtarchuireann an t-eagraí sonraí chuig trádálaí eile i gcomhréir le hAirteagal 3, pointe 2(b)(v)

| |
|---|
| MO PHRÍOMHCHEARTA MAR THAISTEALAÍ<br><br>Má thugann tú conradh i gcrích le cuideachta AB 24 uair an chloig ar a dhéanaí i ndiaidh deimhniú faoin áirithint a fháil ó chuideachta XY, beidh an tseirbhís taistil arna soláthar ag XY agus ag AB ina taisteal láneagraithe de réir bhrí Threoir (AE) 2015/2302.<br><br>Dá bhrí sin, tairbheoidh tú de na cearta uile de chuid an Aontais a bhfuil feidhm leo maidir le pacáistí taistil láneagraithe. Beidh cuideachta XY freagrach go hiomlán as comhlíonadh ceart an taistil láneagraithe.<br><br>Ina theannta sin, mar a cheanglaítear leis an dlí, tá cosaint i bhfeidhm ag cuideachta XY chun d'íocaíochtaí a aisíoc agus, má tá iompar san áireamh sa taisteal láneagraithe, chun d'aisdúichiú a áirithiú i gcás ina dtagann sí chun bheith dócmhainneach.<br><br>Tá tuilleadh faisnéise ar phríomhchearta faoi Threoir (AE) 2015/2302, lena n-áirítear faisnéis maidir le hathruithe ar chonarthaí, cealúcháin, aisíocaíochtaí, dliteanas i leith comhlíonadh míchuí agus cosaint ar dhócmhainneacht, chomh maith leis na páirtithe a bhfuil teagmháil le déanamh leo, le fáil anseo (le soláthar i bhfoirm hipearnaisc). |

Ach an hipearnasc a leanúint, gheobhaidh an taistealaí an fhaisnéis seo a leanas:

Príomhchearta faoi Threoir (AE) 2015/2302

Faisnéis

– Gheobhaidh taistealaithe an fhaisnéis riachtanach uile faoin taisteal láneagraithe sula dtabharfar an conradh taistil láneagraithe i gcrích, lena n-áirítear faisnéis faoin bpraghas agus faoi na híocaíochtaí atá dlite tráth na háirithinte.

– I ndiaidh conradh taistil láneagraithe a thabhairt i gcrích, gheobhaidh taistealaithe an conradh ar mheán marthanach (ar pháipéar nó ríomhphost, mar shampla).

Trádálaí faoi dhliteanas agus pointí teagmhála

– Bíonn trádálaí amháin ar a laghad ann atá faoi dhliteanas as comhlíonadh ceart na seirbhísí taistil uile a áirítear i dtaisteal láneagraithe. Is é an trádálaí sin eagraí an taistil láneagraithe, mar a shainaithnítear leis an téacs sa bhosca thuas agus sa chonradh. Ní mór sonraí teagmhála an eagraí a bheith sa chonradh.

– Tabharfar uimhir theileafóin éigeandála nó mionsonraí faoi phointe teagmhála do thaistealaithe, a fhéadfaidh siad a úsáid le dul i dteagmháil leis an eagraí nó leis an ngníomhaire taistil.

An conradh a aistriú

– Féadfaidh taistealaithe an taisteal láneagraithe a aistriú chuig duine éigin eile, agus d’fhéadfadh sé sin a bheith faoi réir ag táille. Ní mór don taistealaí fógra a thabhairt don eagraí laistigh de thréimhse ama réasúnta, nó i gcás inarb infheidhme, don mhiondíoltóir.

Méaduithe ar phraghsanna

– Ní fhéadtar praghas an taistil láneagraithe a mhéadú ach amháin má thagann ardú ar chostais shonracha (praghsanna breosla, mar shampla) agus má dhéantar foráil go sainráite dó sin sa chonradh, agus má dhéantar é 20 lá roimh thús an taistil láneagraithe ar a dhéanaí. I gcás ina sáraíonn an méadú ar an bpraghas 8 % de phraghas an taistil láneagraithe, féadfaidh taistealaithe an conradh a fhoirceannadh agus, sa chás sin, gheobhaidh siad a gcuid airgid ar ais. Má choimeádann an t-eagraí an ceart, sa chonradh, chun an praghas a mhéadú, beidh sé de cheart ag taistealaithe laghdú praghais a fháil má thagann laghdú ar na costais ábhartha.

An conradh a fhoirceannadh roimh thús an taistil láneagraithe

– Féadfaidh taistealaithe an conradh a fhoirceannadh gan aon táille foirceanta a íoc agus aisíocaíocht iomlán d'aon íocaíochtaí a fháil i gcás ina dtiocfaidh athrú suntasach ar aon cheann d'eilimintí fíor-riachtanacha an taistil láneagraithe, nó i gcás ina dtiocfaidh méadú ar an bpraghas a sháróidh 8 % de phraghas an taistil láneagraithe.

– I gcás ina gcealóidh an trádálaí atá freagrach as an taisteal láneagraithe an taisteal láneagraithe roimh thús an taisteal láneagraithe, beidh taistealaithe i dteideal aisíocaíochta agus, i gcás inarb iomchuí, beidh siad i dteideal cúitimh.

– Féadfaidh taistealaithe, roimh thús an taisteal láneagraithe, an conradh a fhoirceannadh gan aon táille foirceanta a íoc i gcás ina ndéanann imthosca dosheachanta agus urghnácha difear suntasach don turas nó don tsaoire. Áirítear ar shamplaí d'imthosca dosheachanta agus urghnácha tubaistí nádúrtha, fadhbanna tromchúiseacha slándála nó rioscaí sláinte poiblí ar féidir a cheapadh go réasúnach go ndéanfaidh siad difear don taisteal láneagraithe.

– Ina theannta sin, féadfaidh taistealaithe, tráth ar bith roimh thús an taisteal láneagraithe, an conradh a fhoirceannadh, lena n-áirítear ar fhorais phearsanta, ar tháille foirceanta iomchuí agus inchosanta a íoc. Ní mór fógra a thabhairt do thaistealaithe maidir leis na táillí sin sula dtugtar an conradh i gcrích agus sa chonradh.

Aisíocaíochtaí

– I ngach cás ina gcuireann an t-eagraí nó an taistealaí an taisteal láneagraithe ar ceal, ní mór do thaistealaithe aisíocaíocht ar a n-íocaíochtaí a fháil (i gcás inarb iomchuí, agus táillí foirceanta á gcur san áireamh) laistigh de 14 lá, ach amháin má chomhaontaíonn na páirtithe ar thaisteal láneagraithe ionaid laistigh den tréimhse 14 lá sin. Is é eagraí an taistil láneagraithe atá freagrach as na haisíocaíochtaí a sholáthar. I gcás ina bhfuil miondíoltóir rannpháirteach agus i gcás ina gceanglaítear é sin leis an dlí náisiúnta is infheidhme, beidh an miondíoltóir freagrach as aisíocaíochtaí a sholáthar freisin.

– I gcás ina dtairgeann eagraí dearbhán atá le húsáid le haghaidh seirbhís taistil arna tairiscint ag an eagraí seachas aisíocaíocht laistigh de 14 lá, gheobhaidh taistealaithe faisnéis faoina gcearta i ndáil leis an dearbhán agus féadfaidh siad a roghnú glacadh leis nó gan glacadh leis.

Fadhbanna le linn an turais nó na saoire

– Tá sé d’oibleagáid ar an eagraí fadhbanna a tharlaíonn le linn chomhlíonadh an taistil láneagraithe a leigheas. Ní mór do thaistealaithe an t-eagraí a chur ar an eolas faoi na fadhbanna a tharlaíonn dóibh.

– I gcás nach féidir eilimintí suntasacha den taisteal láneagraithe a sholáthar mar a comhaontaíodh, ní mór don eagraí socruithe malartacha oiriúnacha a thairiscint gan aon chostas breise. Féadfaidh taistealaithe an conradh a fhoirceannadh gan aon táille a íoc, mura ndéantar seirbhísí taistil i gcomhréir leis an gconradh, i gcás ina ndéanann sin difear substaintiúil do chomhlíonadh an taistil láneagraithe, agus ina dteipeann ar an eagraí an fhadhb a leigheas.

– Tá taistealaithe i dteideal laghdú ar an bpraghas nó cúiteamh as damáistí freisin, nó an dá rud, i gcás nach ndéantar na seirbhísí taistil nó nach ndéantar i gceart iad, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2015/2302.

– Tá ar an eagraí cúnamh a sholáthar má tá deacrachtaí ag an taistealaí, trí fhaisnéis faoi sheirbhísí sláinte, údaráis áitiúla agus cúnamh consalachta a chur ar fáil, mar shampla, agus tríd an deis a chur ar fáil cumarsáid chianda a dhéanamh.

Cosaint ar dhócmhainneacht

– I gcás ina dtiocfadh an t-eagraí chun bheith dócmhainneach, aisíocfar íocaíochtaí taistealaithe. I roinnt Ballstát, tá íocaíochtaí le miondíoltóirí cosanta ar dhócmhainneacht freisin. Má thagann an t-eagraí nó, i gcás inarb infheidhme, an miondíoltóir, chun bheith dócmhainneach i ndiaidh thús an taistil láneagraithe, agus má tá an turas fillte san áireamh sa taisteal láneagraithe, ráthaítear aisdúichiú taistealaithe. Tá cosaint ar dhócmhainneacht glactha ag XY le WX (an t-eintiteas atá i gceannas ar an gcosaint ar dhócmhainneacht, mar shampla ciste ráthaíochta nó cuideachta árachais). Féadfaidh taistealaithe teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas sin nó, i gcás inarb infheidhme, leis an údarás inniúil (mionsonraí teagmhála, lena n-áirítear ainm, seoladh geografach, ríomhphost agus uimhir theileafóin) má tá seirbhísí taistil á ndiúltú dóibh mar gheall ar dhócmhainneacht XY.

Treoir (AE) 2015/2302, mar atá trasuite sa dlí náisiúnta (hipearnasc)’.